

SEANFHOCAL

Téigheann an dligheadh do na daoine bochta mar a théigheann an bháisteach do na cearca.

Nuair a thiocfas an bháisteach éirigheann clumhach na circe ina stoineacha agus fliuchfar go craiceann í leis an mbáisteach. An duine bocht nuair a bhéas sé i ndligheadh caithfidh sé a mbeidh aige agus beidh sé chomh stoineach leis an gcearc an lá báistighe.

Cén fáth a bhfuil an chearc stoineach thar an ngé agus thar an lachain.

Ins an tsean-aimsir bhíodh máighistear ceaptha ar na héanlaith ar fad. Ghlaoidh sé lá ar an ngé agus ar an lachain agus ar an gcearc. Chaith sé meall ime ar an urlár ag gach aon cheann aca. Chuimil an ghé agus an lacha dóibh fein an t-im agus chuir an t-im bealadh ar an gclumhach i riocht is nach bhfuil an t-uisge a' déanamh aon dochar dóibh ó shoin. D'ith an chearc a cuid féin den im. Níor chuimil sí tada dí féin. Níl sí i ndon seasamh leis an bhfliuchán ó shoin.